EUROPEAN COMMISSION
Directorate-General for Internal Market, Industry, Entrepreneurship and SMEs
Single Market Enforcement
Notification of Regulatory Barriers

Uimhir an Fhógra : 2025/9001/NO (Norway)

Dréacht-Rialacháin maidir le toitíní leictreonacha caighdeánaithe agus coimeádáin athlíonta

An dáta ar a bhfuarthas é/í : 23/01/2025
Deireadh leis an Tréimhse Neamhghníomhaíochta : 24/04/2025

Message

Teachtaireacht 901

Teachtaireacht ón gCoimisiún — TRIS/(2025) 0187

An nós imeachta maidir le faisnéis CE — CSTE a sholáthar

Fógra a thabhairt 2025/9001/NO

Notification – Notification – Notifzierung – Нотификация – Oznámení – Notifikation – Γνωστοποίηση – Notificación – Teavitamine – Ilmoitus – Obavijest – Bejelentés – Notifica – Pranešimas – Paziņojums – Notifika – Kennisgeving – Zawiadomienie – Notificação – Notificare – Oznámenie – Obvestilo – Anmälan – Fógra a thabhairt

Does not open the delays - N'ouvre pas de délai - Kein Fristbeginn - Не се предвижда период на прекъсване - Nezahajuje prodlení - Fristerne indledes ikke - Καμμία έναρξη προθεσμίας - No abre el plazo - Viivituste perioodi ei avata - Määräaika ei ala tästä - Ne otvara razdoblje kašnjenja - Nem nyitja meg a késéseket - Non fa decorrere la mora - Atidėjimai nepradedami - Atlikšanas laikposms nesākas - Ma jiftaħx il-perijodi ta’ dewmien - Geen termijnbegin - Nie otwiera opóźnień - Não inicia o prazo - Nu deschide perioadele de stagnare - Nezačína oneskorenia - Ne uvaja zamud - Inleder ingen frist - Ní osclaíonn sé na moilleanna

MSG: 20250187.GA

1. MSG 901 IND 2025 9001 NO GA 23-01-2025 NO NOTIF

2. Norway

3A. Royal Ministry of Trade, Industry and Fisheries
Departement of Trade Policy
P.O. Box 8090, Dep
NO-0032 Oslo
Norway

3B. Royal Ministry of Health and Care Services
Department fo Public Health
P.O. Box 8011 Dep
NO-0030 Oslo
Norway

4. 2025/9001/NO - X40M - Lipéadú agus fógraíocht

5. Dréacht-Rialacháin maidir le toitíní leictreonacha caighdeánaithe agus coimeádáin athlíonta

6. Toitíní leictreonacha agus coimeádáin athlíonta.

7.

8. Áirítear sa togra Rialacháin nua maidir le pacáistíocht caighdeánaithe le haghaidh toitíní leictreonacha agus coimeádáin athlíonta, bíodh nicitín iontu nó ná bíodh.

Tagraíonn pacáistíocht caighdeánaithe do dhearadh agus lipéadú aonfhoirmeach gach pacáiste. Dá bhrí sin, ní cheadófar lógónna, trádmharcanna, siombailí, íomhánna, dathanna nó foirmeacha eile fógraíochta na monaróirí féin a úsáid. Ciallaíonn caighdeánú gur dath amháin a bheidh sna pacáistí, agus ba cheart go leanfadh cur i bhfeidhm ainmneacha branda agus athraitheacha, chomh maith le faisnéis táirgeora, dath caighdeánaithe, socrúchán, cló agus méid. Áirítear sa togra freisin rialacháin maidir le dath toitíní leictreonacha, dearadh coimeádán athlíonta, dath leachta leictreonaigh agus eilimintí áirithe eile, amhail barrachóid agus ábhar pacáistíochta.

Tá an togra bunaithe ar rialacháin na hIorua atá ann cheana maidir le táirgí caighdeánaithe tobac, chomh maith leis na rialacháin i ndáil le toitíní leictreonacha caighdeánaithe sa Danmhairg agus san Fhionlainn.

9. Is é caitheamh tobac an chúis aonair is mó le breoiteacht agus bás roimh am san Iorua. Tá rioscaí ag baint le húsáid toitíní leictreonacha freisin maidir le damáiste tromchúiseach don tsláinte. Tá leanaí agus daoine óga an-leochaileach i leith éifeachtaí díobhálacha táirgí tobac agus táirgí nicitín eile. Leis an togra seo maidir le rialacháin nua i ndáil le toitíní leictreonacha caighdeánaithe agus coimeádáin athlíonta, tá sé mar aidhm ag an Aireacht rochtain leanaí ar thoitíní leictreonacha agus coimeádáin athlíonta a laghdú, agus tríd sin an tsláinte phoiblí a chosaint.

Áirítear leis an nGníomh um Rialú Tobac na hIorua sprioc fhadtéarmach do shochaí atá saor ó thobac. Is sprioc é freisin i straitéis rialaithe tobac an rialtais glúin saor ó thobac agus nicitín a bhaint amach. Moltar i dtuarascáil ó 2019 ó EDS go dtabharfadh tíortha bearta isteach chun bac a chur ar ghlacadh toitíní leictreonacha i measc daoine óga, lena n-áirítear rialacháin amhail toirmeasc ar bhlas agus pacáistíocht caighdeánaithe.

Tá forais bhreise san áireamh sa mheasúnú tionchair atá ceangailte leis seo.

10. Tagairtí na mBuntéacsanna: Cuireadh na buntéacsanna ar aghaidh le fógra níos luaithe:
2023/9003/N

11. Ní hea

12.

13. Ní hea

14. Ní hea

15. Is ea

16.
Gnéithe BTT:
Is rialachán teicniúil nó measúnú comhréireachta é an dréacht.

Gnéithe SPS: Ní hea

****
An Coimisiún Eorpach



EUROPEAN COMMISSION
Directorate-General for Internal Market, Industry, Entrepreneurship and SMEs
Single Market Enforcement
Notification of Regulatory Barriers

Pointe teagmhála Treoir (AE) 2015/1535
ríomhphost: grow-dir2015-1535-central@ec.europa.eu